C/2026/4347

10.8.2026

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12570 — C2X / CPCM / JV)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2026/4347)

1. An 30 Iúil 2026, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— C2X Ltd (an Ríocht Aontaithe), faoi rialú deiridh Møller Holding A/S (an Danmhairg),

— CP Industrial Capital Management Co., Limited (Hong Cong), faoi rialú deiridh Charoen Pokphand Group Co., Ltd. (an Téalainn).

Is é C2X Asia Pte Ltd (Singeapór) an comhfhiontar nuachruthaithe.

Gheobhaidh C2X Ltd agus CP Industrial Capital Management Co., Limited rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc, ar C2X Asia Pte Ltd.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Forbraíonn agus oibríonn C2X Ltd tionscadail táirgthe meatánóil ghlais, agus freastalaíonn sé go príomha ar earnálacha na gceimiceán, na heitlíochta agus na loingseoireachta,

— Is eintiteas infheistíochta de chuid Charoen Pokphand Group é CP Industrial Capital Management Co., Limited, grúpa ilnáisiúnta éagsúlaithe atá gníomhach in earnálacha lena n-áirítear earnálacha an bhia, na miondíola, na teileachumarsáide, an bonneagair, na cógaisíochta agus na seirbhísí airgeadais.

3. Is éard a bheidh i gceist le gníomhaíochtaí gnó C2X Asia Pte Ltd tionscadail meatánóil ghlais a fhorbairt, a oibriú agus a thráchtálú sa tSín agus san Áise Thoir Theas.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12570 — C2X / CPCM / JV

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË